**An Ról agus an Duine**

Faoi Acht na Gaeltachta 2012, tá Údarás na Gaeltachta freagrach go sonrach as cur i bhfeidhm an phróisis phleanála teanga sa Ghaeltacht, rud atá ag croílár chur i bhfeidhm na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010 - 2030. Sa straitéis sin leagtar béim ar phleanáil chomhtháite teanga ag leibhéal an phobail, agus tá sprioc leagtha síos ann go méadófar líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge sa Ghaeltacht. Is é an sprioc atá leis an phróiseas pleanála teanga ná an Ghaeilge a láidriú mar theanga teaghlaigh agus mar theanga pobail.

Mar chuid den phróiseas pleanála teanga, tá an tÚdarás freagrach as eagraíochtaí a roghnú chun plean teanga a ullmhú agus tacú leo na pleananna sin a fheidhmiú sna 26 Limistéir Phleanála Teanga Ghaeltachta (LPT) agus sna Bailte Seirbhíse Gaeltachta (BSG) sa Ghaeltacht. Tá an Rannóg Pleanála Teanga freagrach as na gníomhaíochtaí, na cláir agus na scéimeanna tacaíochta atá ag an eagraíocht a bhfuil sé mar sprioc acu tacú le cothú agus neartú na Gaeilge sa Ghaeltacht a stiúradh agus a riaradh, an próiseas pleanála teanga ina measc.

**Príomh dhualgais an róil:**

- Bainistiú, comhordú agus éascú a dhéanamh ar fheidhmiú an phróisis pleanála teanga ag leibhéal náisiúnta. Cur chuige, polasaithe, nósanna imeachta agus dea-chleachtais a chinntiú i dtaca le feidhmiú éifeachtach na bpleananna teanga sna 26 LPT agus 3 BSG i gcomhar le foireann na Rannóige Pleanála Teanga.
- Comhairle, saineolas agus tacaíochtaí a chur ar fáil do na ceanneagraíochtaí agus na hoifigigh pleanála teanga chun tacú le feidhmiú éifeachtach na bpleananna teanga sna LPT agus sna BSG cuí.
- Cláir chumasaithe agus oiliúna a eagrú agus a sholáthar a bheidh mar bhunús tacaíochta d'ullmhú agus d'fheidhmiú pleananna teanga sna LPT/BSG sa Ghaeltacht. Deiseanna sainspéise agus idirchaidrimh a chruthú do na ceanneagraíochtaí, na hoifigigh pleanála teanga agus páirtithe leasmhara eile.
- Dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara ar bhun leanúnach chun riachtanais an phróisis pleanála teanga aithint agus múnlaí dírithe ar chomhoibriú, ar chomhordú agus ar fheidhmiú éifeachtach an phróisis a éascú agus a chur in áit i gcomhar leis na páirtithe cuí.
- Cur chuige dírithe ar mheasúnú tionchair an phróisis pleanála teanga agus córas monatóireachta ar fheidhmiú éifeachtach na bpleananna teanga a éascú.
- Na buiséid chuí a sholáthraítear d'fheidhmiú na bpleananna teanga a bhainistiú, maoirseacht a dhéanamh ar na córais riaracháin agus monatóireachta agus cinntiú go bhfuiltear ag teacht le dea-chleachtais agus de réir riachtanais an chóid um caiteachais phoiblí.
- Tacú le comhordú agus feidhmiú na gclár thacaíochta chothaithe agus neartaithe Gaeilge eile atá faoi chúram na Rannóige Pleanála Teanga agus atá dírithe ar chumasú teanga sa phobal agus cur chun cinn na Gaeilge sna cliantchomhlachtaí.
- Comhairle, ábhar agus tuairiscí a sholáthar i leith dul chun cinn an phróisis pleanála teanga agus tionscnaimh chothaithe teanga na heagraíochta.
- A bheith ar an eolas faoi threochtaí, staitisticí, polasaithe Stáit ó thaobh na Gaeilge de agus treoir a thabhairt don bhainistíocht dá réir. Páirt ghníomhach a ghlacadh i dtascanna taighde a choimisiúnófar maidir le dea-chleachtais i leith iompair, buanú agus sealbhú teanga i réimsí éagsúla de gníomhaíochtaí an Údaráis atá dírithe ar chur chun cinn na teanga.

**ÚDARÁS NA GAELTACHTA**

**PRÍOMHOIFIGEACH CÚNTA (Comhordaitheoir Clár Tacaíochta Gaeilge do Ghnólachtaí)**

**Próifíl Imlíneach Iarrthóra**

Cáilíochtaí Acadúla
Oideachas go dtí leibhéal cuí do Príomhoifigeach Cúnta in eagraíocht Stáit, a bheidh nasctha le cáilíocht iarchéime nó cáilíocht ghairmiúil chuí eile.

Eolas, Scileanna agus Taithí
**Seo thíos na riachtanais inmhianaithe don phost seo;**
- Taithí ghairmiúil i mbainistíocht tionscadal straitéiseach, go háirithe i réimse forbartha teanga nó athraithe eagraíochtúil.
- Eolas ar bhainistíocht chlár chasta, le fócas ar chomhordú agus seachadadh tionscnamh nuálacha.
- Scileanna ardleibhéil i mbainistíocht acmhainní, foirne, pleanáil straitéiseach, agus rialú airgeadais i gcomhthéacs phoiblí.
- Taithí chruthaithe i gcaidreamh le páirtithe leasmhara éagsúla, lena n-áirítear eagraíochtaí stáit, gnólachtaí agus grúpaí pobail.
- Inniúlacht shoiléir i dtaighde, anailís agus meastóireacht ar thionscadail.

**Tréithe Pearsanta**
Léireoidh an té a cheapfar inniúlachtaí ábhartha atá forbartha do phostanna ardleibhéil san earnáil phoiblí:
- Tiomantas soiléir d'fhorbairt agus do bhuanú na Gaeilge mar theanga bheo.
- Meon dearfach i leith athrú cultúrtha agus sóisialta trí phleanáil teanga.Cumhacht chun daoine a spreagadh agus a threorú.
- Tuiscint dhomhain ar phrionsabail agus ar chleachtais an phleanála teanga.
- Inniúlacht i measúnú riachtanas agus i bhforbairt straitéisí tacaíochta.
- Cumas maoirseacht a dhéanamh ar iliomad tascanna agus próiseas riaracháin ag an am céanna.
- Cumas obair a chomhordú ar leibhéal náisiúnta le cur chuige straitéiseach.
- Cumarsáid éifeachtach i nGaeilge, i scríbhinn agus ó bhéal, le páirtithe leasmhara éagsúla.
- Cumas comhairle, eolas agus moltaí soiléire a chur in iúl go muiníneach.
- Dea-scileanna pleanála agus eagrúcháin chun freagra a thabhairt ar dhúshláin éagsúla.
- Cumas staitisticí, sonraí agus treochtaí a léirmhíniú chun tuairiscí agus moltaí eolasacha a chur ar fáil.
- Scileanna sa réiteach fadhbanna agus i bhforbairt beartas.
- Cumas freagairt d'athruithe agus do thosaíochtaí nua de réir mar a thagann siad chun cinn.
- Toilteanas dualgais eile a ghlacadh de réir mar is gá.
- Cumas caidreamh dearfach a chothú le comhlachtaí stáit, pobail agus eagraíochtaí éagsúla.
- Dea-scileanna oibre foirne agus idirphearsanta.



Séamus Daltún
Déan teagmháil le
seamus@daltun.ie

